

### A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin bhFeidhmeannas ag teacht le chéile i dTionól Stormont i dTuaisceart Éireann den chéad uair le dhá bhliain anuas. Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat:

1. Cé hí an duine sa phictiúr?
2. Cad atá ar eolas agat fúithi?
3. Cad atá ar eolas agat faoi Shinn Féin agus faoin DUP?
4. Bhí stailceanna ar siúl sa Tuaisceart le déanaí. Cén fáth?
5. Cén fáth nach raibh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann ag obair le dhá bhliain?



## B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) chun cuidiú leat, más gá.

a) <i>missing</i>	
b) <i>delight</i>	
c) <i>same</i>	
d) <i>sadness, regret, nostalgia</i>	
e) <i>cheerful</i>	
f) <i>too many</i>	
g) <i>action</i>	
h) <i>decisive time</i>	
i) <i>load, big amount</i>	
j) <i>serious reforms</i>	
k) <i>breakdown, failure</i>	
l) <i>accumulating</i>	

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin?
3. Bain úsáid as an bhfocal ‘céile’ chun frásaí Gaeilge a chumadh a chiallaíonn ‘*upset*’ agus ‘*falling apart*’. \_\_\_\_\_
4. Cén Ghaeilge atá agat ar ‘*the general public*’? \_\_\_\_\_
5. Conas a déarfá ‘*in the future*’ as Gaeilge? \_\_\_\_\_

## C: TUISCINT

---

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraíí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Cá raibh baill Shinn Féin ag dul?
2. Cén fáth a raibh an spatsolas ar Michelle O'Neill?
3. Conas a mhothaíonn Bairbre de Brún faoin lá?
4. Cén fáth nach raibh baill an DUP gealgháireach?
5. Cad iad na rudaí atá ar liosta Patsy McGlone?
6. Cad a dúirt Pádraig Ó Tiarnaigh faoin nGaeilge?
7. Conas atá an Tuaisceart 'ag titim as a chéile', dar le Feargal Mac Bhloscaidh?
8. Cad a bhí le rá ag Mícheál Mac Giolla Ghunna?
9. Cén dúshlán atá roimh na polaiteoirí ó thuaidh anois?

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (na briathra san aimsir chaite)

a) Líon na bearnaí sna habairtí thíos ón mír, leis an bhfoirm cheart den bhriathar (idir lúibíní) san aimsir chaite:

Ach \_\_\_\_\_ (fág) siad an spatsolas ag an bhean féin.  
 Furasta a rá nach \_\_\_\_\_ (bí) an DUP gealgháireach inniu.  
 Níor \_\_\_\_\_ (tarlaigh) faic le cúpla bliain anuas.

b) Baintear úsáid as an aimsir chaite chun cur síos a dhéanamh ar rudaí a tharla inné, nó an bhliain seo caite nó am ar bith san am atá thart. Líon na bearnaí sa tábla thíos leis an bhfoirm cheart den bhriathar san aimsir chaite. Téigh go dtí <https://www.teanglann.ie/ga/gram/> mura bhfuil tú cinnte. Tá an chéad cheann déanta duit.

Bí	An raibh ...?	Bhí	Ní raibh
Téigh			
Ith			
Déan			
Faigh			
Abair			
Feic			

c) Bain úsáid as na briathra sin anois chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoin deireadh seachtaine a bhí acu.

### 2: Cruinneas gramadaí (an tuiseal tabharthach)

a) Bhí canúint Uladh ag na cainteoirí ar fad sa mhír. Féach ar na samplaí thíos. Conas a déarfadh duine a bhfuil canúint na Mumhan nó canúint Chonnacht acu na rudaí céanna?

'ag an bhean' / 'leis an choimisinéir' / 'leis an chliseadh'

b) Cén chanúint atá agat féin? Scríobh na habairtí thíos i nGaeilge de réir na canúna sin:

<i>I'm talking to the teacher.</i>	
<i>My cup is on the table.</i>	
<i>The toilet is beside the classroom.</i>	
<i>I met Síle on the street.</i>	
<i>I went to that party last night. (chuig an)</i>	
<i>I go to work on the train.</i>	
<i>The woman got a fright. (geit)</i>	

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléig na ceistanna seo le chéile:

a) Conas atá na seirbhísí sna hearnálacha seo a leanas san áit a bhfuil tú féin i do chónaí?

Seirbhísí tithíochta



Seirbhísí sláinte



Seirbhísí iompair phoiblí



Seirbhísí oideachais



b) Cén taithí atá agat féin go pearsanta ar na seirbhísí thuas? Mar shampla:

*Bhris mé mo chos bliain ó shin agus chuaigh mé go dtí an t-ospidéal in aice liom. Bhí na haltraí agus na dochtúirí an-deas ar fad agus chneasaigh mo chos gan aon fhadhb.*

c) Samhlaigh gur tusa an Taoiseach agus go bhfuil go leor airgid agat le caitheamh ar cheann amháin de na seirbhísí sin thuas. Cé acu ceann a ndéanfá infheistíocht ann? Cén fáth?

## 2: Scríobh

Is minic a scríobhann daoine litreacha chuig nuachtáin nó teistiméireachtaí ar shuíomhanna gréasáin chun gearán a dhéanamh. Scríobh teistiméireacht ghearr (7 líne nó mar sin) anois atá **andearfach faoi dhea-eispéireas** a bhí agat féin agus tú ag úsáid ceann amháin de na seirbhísí thuas.


## AN SCRIPT

---

### Áine Ní Ghallchóir

Baill Chomhthionól Shinn Féin, ag déanamh a mbealaigh chuig seomra an Chomhthionóil in Stormont. Ach, lenár n-iontas, fágadh na meáin rud beag trína chéile, mar go raibh duine amháin ar lár. Ach, d'fhág siad an spatsolas ag an bhean í féin, Michelle O'Neill, an chéad uair Céad-Aire náisiúnach a bheith san fhoirgneamh seo.

### Bairbre de Brún, Iar-Aire i bhFeidhmeannas Stormont, Sinn Féin

Tá lúcháir orm í a fheiceáil agus í ag siúl isteach ansin agus tá a fhios agam go mbeidh sí ag glacadh an phoist sin mar Chéad-Aire. Ach ag an am ceannann céanna, tá rud beag cumha orm faoi na daoine nach mbeidh anseo, ach níl sin ag baint de thábhacht an lae.

### Áine Ní Ghallchóir

Furasta a rá nach raibh an DUP chomh gealgháireach inniu. Curtha ina leith le dhá bhliain gur de bharr go mbeadh Céad-Aire náisiúnach ann, nach bfillfeadh<sup>1</sup> siad.

### Patsy McGlone MLA, SDLP

Sa deireadh thiar thall, tá muid ar ais arís agus tosaíonn obair inniu. An dtuigeann tú? Tá an iomad sin rudaí le déanamh – cúrsaí tithíochta, cúrsaí sláinte, cúrsaí eacnamaíochta – an dtuigeann tú? Tá liosta an-fhada ann.

### Áine Ní Ghallchóir

Tá an pobal i gcoitinne anseo ag fanacht ar ghníomhú fosta.

### Pádraig Ó Tiarnaigh, Conradh na Gaeilge

Tá muid ag dul isteach inniu i dtréimhse chinníúnach don Ghaeilge. Beidh pobal na Gaeilge ag amharc ar Shinn Féin agus ar an DUP, ach go háirithe, agus ag cur ceist orthu maidir leis an choimisinéir Gaeilge. Tá moll moll mór ceisteanna againn.

### Feargal Mac Bhloscaidh, Staráí

Caithfidh athruithe agus leasuithe tromchúiseacha a bheith ann le dul i ngleic leis an chliseadh atá sna seirbhísí sláinte, in earnáil an oideachais agus sa todhchaí i gcoitinne anseo sa Tuaisceart. Tá an áit ag titim as a chéile.

### Mícheál Mac Giolla Ghunna, Príomhoide Choláiste Feirste

Ciallaíonn sé ar a laghad go mbeidh duine éigin san oifig ag Stormont, ag tabhairt faoi na ceisteanna móra atá romhainn mar phríomhoidí agus mar scoileanna. Níor tharla faic le cúpla bliain anuas agus i ndáiríre, ó bhí COVID ann; agus tá neart ceisteanna móra ag carnadh suas ina ngéarchéim.

### Áine Ní Ghallchóir

Beidh na polaiteoirí ar ais Dé Luain. An dúshlán rompu anois, na hinstiúidí anseo a choinneáil ag dul.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, Stormont.

---

<sup>1</sup> 'nach bfillfeadh' = nach bhfillfeadh



## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

### B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) chun cuidiú leat, más gá.

a) <i>missing</i>	ar lár
b) <i>delight</i>	lúcháir
c) <i>same</i>	ceannann céanna
d) <i>sadness, regret, nostalgia</i>	cumha
e) <i>cheerful</i>	gealgháireach
f) <i>too many</i>	an iomad
g) <i>action</i>	gníomhú
h) <i>decisive time</i>	tréimhse chinniúnach
i) <i>load, big amount</i>	moll mór
j) <i>serious reforms</i>	leasuithe tromchúiseacha
k) <i>breakdown, failure</i>	cliseadh
l) <i>accumulating</i>	ag carnadh

2. Téigh siar ar an stór focal a bhí acu féin.
3. *Upset* – trína chéile; *falling apart* – ag titim as a chéile.
4. An pobal i gcoitinne, an pobal ar fad; an pobal trí chéile.
5. San am atá teacht; amach anseo; sa toadhcháil.

### C: TUISCINT

Féach ar an script.

### D: FEASACHT TEANGA

#### 1: Cruinneas gramadaí (na briathra san aimsir chaite)

- a) Féach:  
Ach **d'fhág** siad an spotsolas ag an bhean féin.  
Furasta a rá nach **raibh** an DUP gealgháireach inniu.  
Níor **tharla** faic le cúpla bliain anuas.

- b) Féach:

<b>Bí</b>	An raibh ...?	Bhí	Ní raibh
<b>Téigh</b>	An ndeachaigh ...?	Chuaigh	Ní dheachaigh
<b>Ith</b>	Ar ith ...?	D'ith	Níor ith
<b>Déan</b>	An ndearna ...?	Rinne	Ní dhearna
<b>Faigh</b>	An bhfuair ...?	Fuair	Ní bhfuair
<b>Abair</b>	An ndúirt ...?	Dúirt	Ní dúirt
<b>Feic</b>	An bhfaca ...	Chonaic	Ní fhaca



- c) Tabhair deis do na foghlaimeoirí seal cainte a bheith acu trí cheisteanna a chur ar a chéile faoin deireadh seachtaine a bhí acu.

**2: Cruinneas gramadaí (an tuiseal tabharthach)**

- a) Féach:

Córas an tséimhithe	An córas lárnach
'ag an bhean'	ag an mbean
'leis an choimisinéir'	leis an gcoimisinéir
'leis an chliseadh'	leis an gcliseadh

- b) Féach:

<i>I'm talking to the teacher.</i>
<i>My cup is on the table.</i>
<i>The toilet is beside the classroom.</i>
<i>I met Síle on the street.</i>
<i>I went to that party last night. (chuig an)</i>
<i>I go to work on the train.</i>
<i>The woman got a fright. (geit)</i>

Córas an tséimhithe	An córas lárnach
Tá mé ag labhairt leis an mhúinteoir.	Táim ag labhairt leis an múinteoir.
Tá mo chupán ar an bhord.	Tá mo chupán ar an mbord.
Tá an leithreas in aice leis an seomra ranga.	Tá an leithreas in aice leis an seomra ranga
Casadh Síle orm ar an tsráid.	Casadh Síle orm ar an tsráid.
Chuaigh mé chuig an chóisir sin aréir.	Chuaigh mé chuig an gcóisir sin aréir.
Téim go dtí an obair ar an traein.	Téim go dtí an obair ar an traein.
Baineadh geit as an bhean.	Baineadh geit as an mbean.

**E. Cumarsáid**

**1: Caint**

Tabhair deis do na grúpaí na ceisteanna ar fad a phlé le chéile. Bíodh plé ginearálta agat féin leis an rang iomlán ansin.

**2: Scríobh**

Iarr orthu teistiméireacht a scríobh faoi dhea-eispéireas a bhí acu agus iad ag úsáid seirbhís amháin atá sna pictiúir faoi **Caint**.

Curtha ar fáil ag



**Ollscoil Mhá Nuad**  
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

**Lárionad na Gaeilge**  
Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolalochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

